# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Meitheamh 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Seoladh leabhar 'Triobłóid leis an Ór'!

Comhghairdeas mhór leis na páistí óga uilig ó scoileanna an pharóiste ar sheoladh a gcéad leabhar 'Triobłóid leis an Ór'!
Togra dheas a bhí ann seo a d'eagraigh muid i gcomhar le Fighting Words na Gaeilge, Leabharlann Thír Chonaill agus bunscoileanna an pharóiste. Is í an aidhm a bhí leis an togra nó go scríobhfaidh gach scoil caibidil amháin in leabhar agus go seolfar é go hoifigiúil ina dhiaidh. Buíochas mór le achan duine a chuidigh linn leis an togra.





## Féasta Sráide 2023

Bhí ócaid ghalánta againn sa Chrannóg mar pháirt don Clár Cuideachta atá Tuismitheoirí na Gaeltachta ag reachtáil i gcomhar le Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt. Bhí fiche teaghlach i láthair ar an lá agus bhí spóirt agus spraoi acu go léir.

# Lá Idirnáisiúnta na nDumhacha

Bhí ócáid iontach suimiúil againn i nGaoth Dobhair nuair a rinneadh ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na nDumhacha. Tháinig dhá scór duine le chéile ar dhumhaigh Mhachaire Chlochair. Bhí eolaithe mara ann chomh maith le ionadaithe ó Éin na hÉireann, Páirceanna Náisiúnta agus Fia Dúlra, Togra an Choirliú le cois ionadaithe ón Saol an Mhachaire a rinne an ócáid a eagrú.






# Lón an Luain

Tá Lón an Luain ar siúl arís againn don tSamhradh. Tá dearbhán €25 le baint do chaifé nó bialann difriúil achan tseachtain mar sin bígí ag coinneáil súil amach ar ár gcuid postálacha ar na meáin shóisialta. Seo dóigh mhaith againne le ceangal a dhéanamh le bialanna agus caiféanna an cheantair. Go dtí seo tá 4 bialann déanta againn le thar 1000 gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta.

# Tionól Gaeltachta 2023 i nGaoth Dobhair

Bhí Tionól Gaeltachta 2023 ar siúl i nGaoth Dobhair ar na mallaibh. Fuair an scaifte a tháinig suas blas maith ar chultúr an cheantair seo tríd réimse leatháin d'imeachtaí ar nós turas thart ar Oileán Thoraí, Tráth na gCeist i dTeach Jack, ceolchoirm in Amharclann Ghaoth Dobhair srl. Tháinig timpeall is 100 duine suas don deireadh seachtaine agus is cinnte gur bhain siad uilig sult as a n-am.



## Gradam Gnó na hÉireann

GRADAIM
GNÓ NA hÉIREANN

Chláraigh muid 12 gnólacht don Gradam Gnó na hÉireann i mbliana. Beidh na gnólachtaí ag dul faoi mholtóireacht gan mhoill agus ansin beidh searmanas mór i mBaile Átha Cliath le haitheantas a thabhairt dóibh sin a n-éiríonn leo. Tá muid iontach buíoch as na gnólachtaí a chláraigh don scéim i mbliana agus má tá gnólacht ar bith eile ar mhaith leo tacaíocht ó thaobh comharthaíocht srl bí i dteagmháil linn.

# Cur aithne ar Órfhlaith



**Ainm:** Órfhlaith Ní Chrosáin

**Post**: Oibrím sa rannóg Timpeallacht agus Athnuachán leis an Chomhairle Contae

**Caithimh Aimseartha**: Ag siul ar an trá nó ag snámh

**Bia**: Aon rud ó Caife Kitty

**Deoch:** Caife Dubh nó pionta Guinness

**Ceol**: Gach cineál ceol. Is maith liom Noah Kahan ag an bhomaite.

**Scannán:** Mamma Mia

**Clár Teilifíse:** Friends

**Podchraoladh**: Junkie coireachta

**Ceolchoirm:** Eminem i mBaile Shláine

**Ainmhí:** Madadh

**Leabhar**: The Old Man and the Sea

**Spórt**: Peil Gaelach

**Féile Ceoil**: Bhí Féile Na Gealaí dochreidte, beidh Sult ansin i gceann cúpla seachtain

**Stáisiún Ráidió**: iRadio

**Gréasán sóisialta**: Instagram

**Tionchar is mó ar do shaol:** Mo mháthair

**Gné is fearr leat faoi ag obair leis an Chomhairle Contae:** Tá boss iontach agam a bhrúnn ar aghaidh mé i gcónaí

**Léigh an leabhar nó coimhéad an scannán:** Coimhéad an scannán

**Doire nó Béal Feirste**: Ohhhh caithfidh mé Doire a rá

**Ceol Beo nó DJ**: Ceol beo fa choinne an atmaisféar

**Fíon nó Manglam**: Ba bhréa liom margaritanna

**Teach Hiúdaí Bhig nó Teach Sheáin Óig**: Ní dhèanann siad margaritas ach caithfidh mé Teach Hiúdaí a rá

**Laoch**: Mo chuid chairde uilig

**Oíche amuigh**: Teach Hiùdaí Beags i Machaire Clothair nó The Gainsborough I nDoire


**Cuireadh chuig cóisir**: Emma Ní Fhíoruisce

**Laethanta saoire**: Bali

**Seanfhocal**: An rud is annamh is iontach

**Mana saoil**: Tarlaíonn gach rud ar chúis

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana**: Oh Dhia, ní dhéanaim pleananna, Tá súil agam go bhfuilim sásta agus sláintiúil áit éigin ar domhan




## Comhghairdeas le Anne Marie Uí Cheallaigh a bhain ticéid don fhéile Sult a mbeidh ar siúl i Machaire Gathlán. Beidh ainmneacha móra cosúil le Tinie Tempah, Pólca 4 agus Dean Lewis agus Craic A Tau ag ceol ag an fhéile i mbliana.

